Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**10291/22**
**ADD 1**

**AGRI 265**
**AGRILEG 99**
**PHYTOSAN 24**
**DELACT 90**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3699 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena mbunaítear maolú ar Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le hallmhairiú ábhar pacáistíochta adhmaid i bhfoirm boscaí armlóin, ábhar atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Roinn Cosanta na Stát Aontaithe, agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2007 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3699 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: C(2022) 3699 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.6.2022
C(2022) 3699 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**lena mbunaítear maolú ar Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le hallmhairiú ábhar pacáistíochta adhmaid i bhfoirm boscaí armlóin, ábhar atá de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Roinn Cosanta na Stát Aontaithe, agus a monaraíodh roimh an 1 Meán Fómhair 2007**

## IARSCRÍBHINN

## COINNIOLLACHA MAIDLE LE TABHAIRT ISTEACH BOSCAÍ ARMLÓIN DA dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1

Comhlíonfaidh na boscaí dá dtagraítear Airteagal 1 na coinníollacha seo a leanas:

(1) beidh marc ar taispeáint orthu lena ndeimhnítear gur monaraíodh iad faoin 31 Lúnasa 2007;

(2) beidh marc ar taispeáint orthu lena léirítear gur cóireáladh iad le leasú adhmaid arna fhormheas ag an nGníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(3) i gcás inar deisíodh na boscaí ó monaraíodh iad, comhlíonann an t-adhmad a úsáideadh chun na críche sin na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2016/2031;

(4) is a adhmad atá na boscaí déanta. Ní mór don choirt a bheith rúiscthe go hiomlán den adhmad nó ní mór gan ach píosaí beaga coirte a bheith aige atá ar scaradh óna chéile ó amharc agus ar leith óna chéile go soiléir. Ní mór do na píosaí coirte sin ceachtar de na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) Is lú ná 3 cm ar leithead iad (gan beann ar an bhfad);

(b) Nuair is mó ná 3 cm ar leithead iad, is lú ná 50 $cm^2$ achar dromchla iomlán gach píosa coirte aonair;

(5) ní lú ná 20 % a leibhéil cion taise;

(6) stóráladh iad i bhfoirgnimh iata agus iompraíodh iad i gcoimeádáin iata, nó faoi chumhdach cosanta iomlán;

(7) ag gabháil leo tá doiciméad arna eisiúint ag Roinn Cosanta na Stát Aontaithe lena ndeimhnítear go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (4), (5) agus (6).